

❖ An Lúibín ❖

20 Deireadh Fómhair 2019

'What is Irish-Australian Literature?' Siompóisiam ar an 22 Samhain 2019

Tá siompóisiam le réachtáil sa Chlub Ceilteach in Melbourne, faoi choimirce an Lárionaid Astrálaigh in Ollscoil Melbourne agus an Gerry Higgins Chair of Irish Studies.

Baileoidh an siompóisiam seo le chéile eolaithe acadúla ar litríocht na hAstráile chun páipéir a léamh agus ceist na liríochta Gael-Astrálach a chíoradh. Ní ábhar é seo a ndearnadh mórán scrudú air: tá neart taighde déanta ar stair shóisialta agus pholaitiúil na nGael-Astrálach, ach is beag aird a tugadh ar an stair chultúrtha agus liteartha. Mar sin féin, tá roinnt scríbhneoirí ann a bhfuil rian Gaelach ar a saothar, agus is fiú an saothar sin a phlé dá réir. Ar na scríbhneoirí sin bhí Vincent Buckley (https://ga.wikipedia.org/wiki/Vincent_Buckley), file agus acadóir a d'fhéach le lorg a fhágáil ar shaol na hÉireann féin.

Maítear go bhfuil cuid ceisteanna is fiú a chur:

- An féidir linn a rá i ndáiríre go bhfuil traidisiún liteartha Gael-Astrálach ann?
- Céard iad na tagairtí agus na feidhmeanna cultúrtha a bhaineann le híomhánna na hÉireann i litríocht na hAstráile?
- Conas a dhéantar glacadh le hoidhreacht na hÉireann nó, minic go leor, droim láimhe a thabhairt léi i stair scríbhneoireacht na hAstráile?
- Cén rian a d'fhág smaointe polaitiúla agus saol liteartha na hÉireann ar scríbhneoireacht san Astráil?
- An féidir smaointe agus idé-eolaíocht tras-náisiúnta a aithint i scríbhneoireacht Ghael-Astrálach?
- Cén chosúlacht nó easpa cosúlachta atá idir scríbhneoireacht Éireannach agus scríbhneoireacht Ghael-Astrálach i ngeall ar chomhdhéanamh an náisiúnachais agus ar dhoicéall criticiúil roimhe sin?
- Cén toradh atá ar an réigiúnachas i stair chultúrtha na nGael-Astrálach?
- Cén sainmhíniú, bíodh sé cúng nó leathan, a d'fhéadfaí a dhéanamh ar litríocht Ghael-Astrálach? An mbaineann aistithe lei, nó scríbhneoireacht chriticiúil a phléann ábhar as Éirinn, nó dírbheathaisnéisithe agus lucht cuimhní cinn, nó scríbhneoirí do pháistí?
- Cén lorg a fhágann téamaí Éireannacha nó féiniúlacht Éireannach ar shaothar údar indibhidiúil san Astráil?

Is é an cuspóir atá ag an siompóisiam seo taighde acadúil a chur in iúl do phobal a bhfuil suim acu san ábhar agus é sin a dhéanamh go héasca agus go bríomhar.

Beidh breis eolais le fáil anseo feasta: <https://arts.unimelb.edu.au/australian-centre#news-and-events>.



Easpa aistritheoirí

Poist iad atá le fáil ag Gaeilgeoirí amháin agus a chuireann i lár an aonaigh Eorpaigh iad – na poist is fearr amach, a déarfá. Tá coinníollacha ag gabháil lena leithéid de jab: caithfidh tú trí theanga a bheith agat agus éirí leat i scrúdú an-dian ar deacair ullmhú ceart a dhéanamh chuige in Éirinn. Ach sa chomórtas earcaíochta is déanaí a réachtáladh d'aistritheoirí Gaeilge san AE, níor éirigh ach le ceithre iarrthóir déag post buan a fháil agus dhá fholúntas is seachtó le líonadh. Mar sin atá an scéal, a bheag nó a mhór, le roinnt blianta anuas. Cúis inní í sin mar beidh méadú ar an obair i ndiaidh 2022 agus deireadh ag teacht leis an maolú ar stádas na Gaeilge san AE.

Ach tá leigheas éigin ar an scéal: poist shealadacha ar chonradh agus gan ach dhá theanga ag teastáil chucu. Más post buan atá uait i ndeireadh na dála, cabhrófar leat eolas maith a fháil ar an tríd teanga – Fraincis nó Gearmáinis, de ghnáth. Más céimí le Gaeilge thú, tá cead agat iarratas a dhéanamh ar oiliúint i bParlaimint na hEorpa. Obair ilghnéitheach atá i gceist anois – fotheidealú, podchraoltaí, cáipéisí agus eile.

Tá an bunús atá leis an nGaeilge mar theanga oifigiúil san AE á phlé i gcónaí. Ar éigean a bheadh níos mó ná 300,000 duine in Éirinn a mbeadh Gaeilge réasúnta líofa acu – timpeall 6% den daonra (agus a bhformhór mór ina ‘nuachainteoirí’). De réir réasúin ba chóir go mbeadh an Béarla mar theanga oifigiúil ag Poblacht na hÉireann san Eoraip, ós é an Béarla fíorthanga náisiúnta na tíre agus an t-aon teanga amháin atá ag 90% den phobal. Ar ndóigh, ní le réasún a bhaineann an scéal. A mhalairt ar fad: cuireann an teanga ar taispeáint suntasacht chultúrtha na hÉireann ó thaobh na staire de. Bíodh sin mar atá, is trua nach ndéanann níos mó Gaeilgeoirí an deis a thapú chun post sealadach féin a fháil sa Bhruiséil, cathair an ardchultúir agus na sárshcealáide.



Diúltaímis don ‘Ghaeltacht’

Tá gníomhaithe Gaeilge ag íoc anois as a bheith ag brath chomh mór sin ar an earra comhchumtha a dtugtar ‘An Ghaeltacht’ air. Tobar na Gaeilge, nasc sárluachmhar idir sinn agus an seansaol, an teanga shinseartha agus í tugtha chun foirfeachta, etc.. Tá an Ghaeltacht ag imeacht, ag imeacht, ag imeacht gan teacht. Cuimhnímis arís ar an gcáipéis úd a foilsíodh in 2007 agus a léirigh go cuimsitheach agus go soiléir go raibh an tóin tite as an gcorcán: *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (príomhthátaí agus moltaí).¹

Ba iad Conchúr Ó Giollagáin, Seosamh Mac Donnacha, Fiona Ní Chualáin, Aoife Ní Shéaghdha agus Mary O’Brien na húdair: níor bréagnaíodh a saothar ansin agus ní féidir é a bhréagnú anois, mar dealraíonn sé gur i ndonasa a chuaigh an scéal le himeacht na mblianta. Más mar sin atá, tá na trí rogha ann: gan aird a thabhairt ar an drochscéal; muinín a chur i moltaí leighis; glacadh leis go bhfuil an cluiche cailte sa Ghaeltacht thraidisiúnta ach go bhfuil an teanga beo fós i limistéar eile.

Ní mór idirdhealú a dhéanamh idir an Ghaeltacht idéalach (rud a d’fhéadfadh maireachtáil san intinn go deo) agus an Ghaeltacht mar atá sí ar a fód féin. Sa dara háit úd tá an teanga á cailliúint ag na glúine is óige, an dream ar chóir cainteoirí dúchais na ré nua a bheith le fáil ina measc. Ní féidir a bheith ag súil go gcuirfidh na scoileanna athrach bisigh ar an scéal:

Tá an ceathrú cuid den daonra atá páirteach sa chóras oideachais sa Ghaeltacht comhdhéanta de dhaltaí a rugadh nó a tógadh lasmuigh den Ghaeltacht; agus nuair a chuirtear líon na ndaltaí seo le líon na ndaltaí atá ag freastal ar scoileanna Gaeltachta ach a bhfuil cónaí orthu lasmuigh den limistéar Gaeltachta, agus líon na ndaltaí Gaeltachta eile atá á dtógáil le Béarla ar chúis amháin nó ar chúis eile, tá 46% de na leanaí scoile sna ceantair Ghaeltachta is láidre ag teacht chun na scoile gan aon Ghaeilge nó ar bheagán Gaeilge. Is cinnte gur údar imní é do roinnt mhaith tuismitheoirí atá ag tógáil a gclainne le Gaeilge sa bhaile (féach, mar shampla Fochaibidil 19.3 sa phríomhthuarascáil agus Mac Donnacha (2005)), nach bhfuil ag éirí lena gclann leibhéal ardchumais a bhaint amach ina dteanga dhúchais, .i. nach bhfuil an ‘saibhreas’ teanga acu a mbeifeá ag súil leis ó chainteoirí dúchais.

Na daltaí a thagann chun na scoile gan aon Ghaeilge treisíonn siad úsáid an Bhéarla i measc daoine óga Gaeltachta atá á dtógáil le Gaeilge. Maíonn na húdair go bhfuil ag éirí leis na scoileanna Gaeltachta feabhas a chur ar Ghaeilge na ndaltaí nach labhraíonn sa bhaile í, ach nach bhfuil ag éirí leo cainteoirí gníomhacha a dhéanamh de na daltaí úd.

Déanann an páipéar idirdhealú idir trí limistéar Ghaeltachta de réir an mhéid Gaeilge atá á labhairt iontu. Catagóir A: toghranna a bhfuil breis is 67% dá ndaonra iomlán ina gcainteoirí laethúla Gaeilge. Catagóir B: toghranna a bhfuil idir 44%–66% dá ndaonra iomlán ina gcainteoirí laethúla Gaeilge. Chatagóir C: na toghranna

¹ <http://www.udaras.ie/wp-content/uploads/2014/01/Staid%C3%A9ar-Cuimsitheach-Teangeola%C3%ADoch-ar-%C3%A9as%C3%A1id-na-Gaeilge-sa-Ghaeltacht.pdf>

a bhfuil faoi bhun 44% dá ndaonra iomlán ina gcainteoirí laethúla Gaeilge. Na gréasáin Ghaeilge atá le fáil sna limistéir seo tá siad bunaithe ar roinnt bheag teaghlach a bhfuil an Ghaeilge fós mar phríomhtheanga theaghlaigh acu.

Deir na húdair go bhfuil úsáid na Gaeilge níos coitianta i measc na n-aoisghrúpaí is sine. Fiú na ndaoine óga atá ina gcónaí i limistéir Chatagóir A, ní dúirt ach timpeall 60% díobh gur Gaeilge is mó a labhraíonn siad. Más é an Béarla atá in uachtar in aois na hóige, is é a bheidh in uachtar in aois an phósta. Más fíor go bhfuil fonn ar a bhformhór a gclann a thógáil le Gaeilge, beidh siad ag snámh in aghaidh easa.

Déantar moltaí: seirbhísí éagsúla a sholáthar (seirbhísí cúram leanaí, seirbhísí réamhscoile, seirbhísí comhairleacha teanga do theaghlaigh, seirbhísí iarscoile agus mar sin de) agus phleanáil fhisiciúil - forbairtí bonneagracha, forbairtí geilleagracha, agus polasaí lonnaíochta agus tithíochta. Sin réiteach gan fónamh, is dócha: is léir go bhfuil an tathag daonna (an ‘mhais chriticiúil’) imithe as an teanga sa Ghaeltacht, rud a thitfeadh amach luath nó mall agus líon na gcainteoirí ag dul i laghad leis na blianta fada. Ní thig le haon duine teacht roimh an tubaiste anois. Mar a dúradh thuas, cé gur cuntas é an páipéar ar staid na Gaeltachta mar a bhí sí os cionn deich mbliana ó shin, ní dócha gurbh fhéidir a mhalairt de thuairisc a thabhairt anois.

Déantar tagairt don líon mór cainteoirí Gaeilge ‘nach de bhunadh na Gaeltachta iad, a cruthaíodh de bharr polasaithe teanga an Stáit Éireannaigh, a bhfuil an Ghaeltacht luachmhar dóibh mar chuid dá bhféiniúlacht chultúrtha féin, agus comhbhá mhuintir na hÉireann trí chéile leis an nGaeltacht’. Agus sin an fhadhb. Tógán coincheapúil í an ‘Ghaeltacht’ agus baint aige le hidé-eolaíocht na hAthbheochana, rud a fhágann gur mór idir é agus fíorstaid na teanga sna ceantair úd a bhfuil cainteoirí traidisiúnta le fáil fós iontu. Deirtear go gcaillfear seoda an dúchais le himeacht na Gaeltachta. Déarfaimis féin rud eile: *Fál ar an ngort tar éis na foghla.*

D’imigh an Ghaeilge a bhí á labhairt sna bailte móra agus i mBaile Átha Cliath féin fadó, ach tá sí tagtha ar ais anois. Níl tuin na sinsear uirthi ach tá sí bríomhar agus tá sí ag borradh. Má éistean tú le Raidió na Life (www.raidionalife.ie) cloisfidh tú guthanna líofa na gcainteoirí nua, oidhrí nádúrtha dlisteanacha na Gaeltachta a bhí. I gceann glúine nó dhó ní bheidh le cloisteáil sa Ghaeltacht eile úd ach monabhar na seanóirí.



Lámhscríbhinní ó Lováin le léamh ar líne

Dá mba mhian leat lámhscríbhinní Gaeilge a fheiceáil ar líne, cá rachfá? Chun *Meamram Páipéar Ríomhaire (Irish Script on Screen)* ag www.isos.dias.ie. Anois tá taisce nua lámhscríbhinní curtha ar fáil a bhíodh sa Choláiste Éireannach i Lováin agus iad ar taispeáint ar an suíomh anois faoin teideal ‘KBR (Leabharlann Ríoga na Beilge)’.



Leabharlann Ríoga na Beilge
Wikimedia Commons

Bhunaigh na Proinsiasaigh Coláiste Naomh Antaine (an Coláiste Éireannach) i Lováin in 1607. Chuaigh na céadta Éireannach go Lováin le hoiliúint sagartóireachta a fháil nuair nár fhéad siad í a fháil in Éirinn. Ón gcoláiste sin a tháinig an Bráthair Mícheál Ó Cléirigh chun lámhscríbhinní stairiúla a bhailiú in Éirinn agus iad mar bhunús le *hAnnála Ríochta Éireann* – saothar mór na gCeithre Máistrí. Coinníodh lámhscríbhinní dá leithéid sa Choláiste anuas go dtí an Réabhlóid Fhrancach, agus ansin cuireadh i dtaisce in áit eile iad ar eagla go dtiocfadh lucht na

Réabhlóide thar teorainn isteach, ó ba leis an Ostair, namhaid na Fraince, an chríoch úd ag an am. (Níor cuireadh Ríocht na Beilge ar bun go dtí 1831.)

I Leabharlann Ríoga na Beilge atá na cinn a rinneadh digeatú orthu, agus tá roinnt eile sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Ábhar liteartha, staire agus naomsheanchais atá i gceist; ar na lámhscríbhinní sin tá *Lebhar Inghine i Dhomhnaill (Leabhar Iníon Uí Dhomhnaill)*, saothar faoi iníon Aodha Rua Uí Néill. Tá dhá lámhscríbhinn déag i nGaeilge ann agus ceann amháin i Laidin. Ba é Lárionad Lováin an Léinn Éireannaigh a chuir an digeatú á dhéanamh agus ba í Ambasáid na hÉireann a sholáthair an maoiniú.



An Domhan

Hevrin Khalaf

Tá Hevrin Khalaf marbh. Ba í an tSiria a tír dhúchais, tír atá ina cosair chró go fóill. Mar a dúradh go minic, is é cás an duine aonair i measc na milliún is mó a théann i bhfeidhm orainn. Cuimhnimis mar sin ar Khalaf: Coirdíneach mná a bhí óg go leor, cuma dháiríre tharraingteach uirthi, í ina polaiteoir a bhí ag iarraidh na Coirdínigh, na Críostaithe agus na Muslamaigh a thabhairt chun comhréitigh, obair a tharraing fearg na nIoslamaithé uirthi. Í ina ardrúnaí ar pháirtí nua, Páirtí Siriach na Todhchaí, agus ag cosaint chearta na mban. Is gearr ó fuair sí bás: cuireadh piléar inti ar an mbóthar mór.

Tír ilchultúrtha agus ilchreidmheach is ea an tSiria: tá Arabaigh ann, Alabhaítigh, Gréagaigh, Airméanaigh, Aisiriaigh, Coirdínigh, Siorcásaigh, Maindéanaigh agus Tuircméanaigh, agus a lán religión dá réir (is iad na Muslamaigh Shunnaíocha an dream is mó). B'ionann 'an tSiria' tráth agus an Leiveaint. Bhí an chríoch faoi smacht na nOtamanach leis na céadta bliain agus faoi riail na Fraince ar feadh tamaill, agus níor cuireadh stát na Siria ar bun go dtí lár an fichiú haois. Tréimhse achrannach a lean é sin, agus is iomaí *coup d'état* a rinneadh nó a bagraíodh anuas go dtí 1971. Tháinig Hafez al-Assad, Alabhaíteach, i gcumhacht ansin agus lean a mhac Bashar al-Assad é in 2000. Rialtas leatromach a bhí ann agus thosaigh cogadh cathartha in 2011. Is iomaí tír eile (an Iaráin, Meiriceá, an Tuirc, an Rúis) a chuir a ladar sa mhias ó shin. Is mór an sléacht atá déanta ann agus d'éalaigh na milliúin duine.

Tá timpeall 30 milliún Coirdíneach ann agus iad ina gcónaí san Iaráin, san Iaráic, sa Tuirc agus, ar ndóigh, sa tSiria. Gealladh stát dá gcuid dóibh i ndiaidh an Chéad Chogadh Domhanda, gealltanais a briseadh agus stáit nua eile á gcur ar bun. Sa tSiria féin bhí formhór na gCoirdíneach le fáil san oirthuaisceart agus leatrom á dhéanamh orthu de réir dlí ag an stát. In 2012 thréig fórsaí an stáit na ceantair úd agus an cogadh ar siúl, agus tháinig mílístí Coirdíneacha ina n-áit. D'éirigh leo stáitín a bhunú ann, Rojava (ar tugadh Cónaidhm Dhaonlathach Thuaisceart na Siria air ina dhiaidh sin). Ach ní raibh eitleáin ná gunnaí móra ag na fórsaí Coirdíneacha, rud a d'fhág i muinín na Stát Aontaithe iad. Mar sin féin, d'éirigh leo buillí troma a thabhairt d'fhórsaí an Stáit Ioslamaigh, go háirithe agus cathair Kobani faoi léigear.²

Agus é seo á scríobh tá an scéal ina chior thuathail: Meiriceá ag cúlú, an Tuirc ag teacht aduaidh, al-Assad ag teacht aneas, na gnáth-Choirdínigh ina dteifigh, ag tréigean cathracha, bailte móra agus sráidbhailte. Bhí Médecins sans Frontières i mbun oibre in dhá champa teifeach agus ag soláthar cógas d'ospidéal agus do lárionaid leighis in oirthuaisceart na Siria ar son na ndaoine a gortaíodh sa chogadh. Ach tá cúrsaí chomh contúirteach sin anois go bhfuil deireadh curtha acu anois leis an gcuid is mó den obair sin agus formhór a foirne idirnáisiúnta curtha abhaile acu.

Tá an Tuirc ag iarraidh greim a fháil ar chuid d'oirthuaisceart na Siria chun go bhféadfadh sí teifigh ón tSiria a athlonnú ann agus na Coirdínigh a bhrú siar. (Tá gráin ag an Tuirc ar na mílístí Coirdíneacha.) In Tell Abyad, ceantar ar maraíodh Khalaf, tá Arabaigh, Coirdínigh agus Tuircméanaigh (daoine de shliocht Turcach) ina gcónaí ar scáth a chéile. De réir na fianaise atá ar fáil, trodairí de chuid Ahras al-Sharqia, grúpa antoiseach, a dhúnmharaigh Hevrin Khalaf – dream a fuair traenáil sa Tuirc, ar nós a leithéidí eile, agus a bhí ag cuidiú leis na

² Féach https://en.wikipedia.org/wiki/Siege_of_Koban%C3%AE agus (i bhFraincis) https://fr.wikipedia.org/wiki/Bataille_de_Koban%C3%A9.

fórsaí Turcacha. Baineann siad le dream a dtugtar Arm Náisiúnta na Siria orthu. B'fhuath leis na hIoslamaithe seo Khalaf, agus básaíodh ochtar sibhialtach eile ina teannta. Dúirt Arm Náisiúnta na Siria ina dhiaidh sin gur ordaigh sé do na ceannasaithe súil ghéar a choinneáil ar a saighdiúirí ar eagla an drochiompair agus go gcuirfí an dlí orthu siúd a bhí ciontach.

Fuarthas corp Khalaf i marbhlann. Dúirt an tuairisc iarbháis gur buaileadh í go dona sular maraíodh í. B'in deireadh dóchais éigin. Ní dheachaigh a bás ar sochar do dhream ar bith, fiú do na bastúin a rinne an gníomh. Ach tá a lán eile ann a leanfaidh den obair a rinne sí, más ar a mbealach féin é. Agus ní féidir na Coirdínigh a scuabadh de dhroim an domhain: seans go bhfillfidh siad ar na tailte atá cailte acu. Tá tonnta an chogaidh ag dul siar is aniar; is fada go dtiocfaidh suaimhneas.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.